# R3

# LITIR SHAMPLACH CHUIG TUISMITHEOIRÍ/ CAOMHNÓIRÍ – BÁS FORÉIGNEACH

Féadfaidh scoileanna an litir seo a úsáid mar theimpléad nuair is gá tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi bhás foréigneach. Tugtar comhairle inti, mar aon le breac-chuntas ar a mbeidh i gceist le freagairt na scoile. (Tabhaireolas ceart, cruinn ar an teagmhas, ach ná húsáid an focal 'dúnmharú' toisc nach ndeimhneofar gur dúnmharú a bhí ann go dtí go gcuirfear an cás cúirte i gcrích).

A Thuismitheoir/Chaomhnóir, a chara,

Ní foláir dom tú a chur ar an eolas faoi rud éigin an-bhrónach a tharla le déanaí.

Fuair (leanbh/duine óg arbh as an gceantar dó/di)/(deirfiúr/deirfiúr le *[ainm an dalta]*)/(dalta de chuid na scoile) bás de dheasca *(ionsaí foréigneach/eachtra fhoréigneach ar an tsráid/srl.)* cúpla lá ó shin. Goilleann a bhás go mór orainn ar fad.

Scaipeamar an t-eolas sin agus rinneamar plé air leis na daltaí ar fad ionas go mbeadh a fhios acu céard a tharla. Bhí baill foirne de chuid na scoile ar fáil do dhaltaí ó thús deireadh an lae scoile inniu. Tá pearsanra tacaíochta eile *(síceolaithe ina measc, srl. de réir na socruithe atá i bhfeidhm)* ar fáil le comhairle a chur ar bhaill foirne agus iad ag tacú le daltaí.

Is mór an tragóid é nuair a fhaigheann aon duine óg bás, ach bíonn básanna foréigneacha níos deacra fós. Is deacair an rud é go gcaithfimid múineadh dár leanaí faoin bhforéigean atá sa saol agus go gcaithfimid glacadh leis in amanna nach bhfuil aon neart againn air.

D'fhéadfadh sé go mbeadh an bás seo ina chúis le réimse freagairtí ó do leanbh. D'fhéadfadh sé go mbeadh faitíos ar roinnt leanaí/daoine óga go gcailifí é féin nó go gcailifí daoine muinteartha leis. Glac am le héisteacht leis agus leis na rudaí atá ag cur eagla air. Cuir ar a shuaimhneas é gur fíorannamh a tharlaíonn a leithéid.

Tá roinnt eolas breise istigh leis seo a d'fhéadfadh a bheith úsáideach duit ag an am crua seo.

Tá iriseoirí thart ar an scoil agus d'fhéadfadh sé ndéanfaidís iarracht labhairt leatsa nó le do leanaí. Ní gá duit labhairt leo ar chor ar bith. Ní thabharfaimid cead d'iriseoirí agallamh a chur ar do leanbh ar scoil agus molaimid duit gan ligean dóibh déanamh amhlaidh taobh amuigh den scoil ach an oiread. Níl na leanaí siad aibí a ndóthain lena gcuid cainte a mheas agus d'fhéadfadh sé go ndéarfaidís rud éigin a mbeadh aiféala orthu faoi amach anseo.

Is minic a théann daoine óga caol díreach chuig na meáin shóisialta ina leithéid de chásanna lena bhfuil i mbéal an phobail a fháil amach, nó le tuilleadh eolais a fháil. Cé go bhféadfadh sé go bhfaigheadh do leanbh sólás sna meáin shóisialta, molaimid go láidir duit a chur ina luí air gur gá dó bheith an-chúramach ar fad nuair a phostálfaidh sé aon rud chuig daoine eile.

Táimid ag cuimhneamh ar mhuintir *(ainm an teaghlaigh)* agus oraibhse ar fad. Is mise le meas,

Ainm an phríomhoide